2024.M49T

2024L067G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ceol

## Cumadóireacht

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 20 Meitheamh    Tráthnóna 3:15 - 4:45

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 40 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 60 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

  ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

  **agus**

  ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 40 marc |
|---|---|---|

Ná freagair ach ceist **amháin** sa roinn seo:

**Ceist 1** Leanúint d’oscailt a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 2** Ceol a chur le téacs a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 3** Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d’fhoirm damhsa a thugtar (40 marc)

**Ceist 1** **(40 marc)**
**Leanúint d'oscailt a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).


(a)
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ óbó

☐ cláirinéad

☐ fliúit

☐ fliúit Shasanach forshéise



**agus**


(b) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ óbó

☐ cláirinéad

☐ fliúit

☐ fliúit Shasanach forshéise



**Ceist 2** **(40 marc)**


**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).

Seo a leanas sliocht as an dán *An Samhradh* le Lionárd Ó hAnnaidh.

Tugann teas an tSamhraidh
Sláinte, neart is brí;
Scaipeann solas gréine,
Aoibhneas fan na slí.

(a) • Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.



(b) • Agus tú ag úsáid na rithime a chum tú ag (a), lean ar aghaidh leis an oscailt seo thíos chun séis ocht mbarra a dhéanamh.
- Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Scríobh na focail faoi na nótaí.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.



**Ceist 3** **(40 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).


(a)
- Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirinéad

☐ óbó

☐ trumpa

☐ veidhlín



**agus**

(b) • Déan staidéar ar oscailt an válsa seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirinéad

☐ óbó

☐ trumpa

☐ veidhlín



Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 60 marc |
|---|---|---|

Ná freagair ach ceist **amháin** sa roinn seo:


| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 4** | Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 5** | Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 6** | Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta | (60 marc) |

**Ceist 4** **(60 marc)**

**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Agus tú ag úsáid na rithimí a thugtar duit, cuir isteach nótaí séise agus dordnótaí chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chríochnú mar seo a leanas:

  (i) Ag **A**, dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh) le réamhchorda (IV—I—V)
  (ii) Ag **B**, dúnadh foirfe (lándúnadh) le réamhchorda (ii—V—I)
  (iii) Ag **C**, dúnadh briste le réamhchorda (I—V—vi)
  (iv) Ag **D**, dúnadh tánaisteach le réamhchorda (I—IV—I)



A
B
C
D

**Ceist 5** **(60 marc)**

**Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála B♭ ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | F<br>D<br>B♭ | | A<br>F<br>D | | | | E♭<br>C<br>A |
| Siombail an chorda | B♭ | | Dm | | | | A° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag **A, B, C** agus **D** a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.
- Ná bíodh an corda céanna agat i mboscaí le hais a chéile.



A
B
C
D

**Ceist 6** **(60 marc)**

**Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail an chorda | G | | Bm | | | | F♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach cordaí agus nótaí forshéise oiriúnacha ag **A, B, C** agus **D** chun deireadh na míreanna a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.


A
Forshéis
Séis
Dord
B
C
D

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 20 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2024.M51T

2024L067G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ceol

## Éisteacht

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 20 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.


- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir é sin in iúl don fheitheoir láithreach bonn.
- Déanfar an leabhrán seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Ceithre shliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**




**(a)** Is iad an dá uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo ná

☐ veidhlín agus vióla

☐ vióla agus dordveidhil

☐ veidhlín agus dordveidhil

**(b)** Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐ 4/4

☐ 6/8

☐ 5/8

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Gné den sliocht seo ná ilmhéadar. Mínigh ilmhéadar.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(d)** Cloistear freisin sa sliocht seo

- ☐ scálaí suas
- ☐ tríríní
- ☐ nótaí marthanacha

**Sliocht 2, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Sainaithin difríocht amháin idir an ceol i **Sliocht 2** agus an ceol i **Sliocht 3**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht | |
|---|---|
| Sliocht 2 | Sliocht 3 |
| | |
| | |

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Sainaithin dhá ghné den cheol sa sliocht seo:

- ☐ athruithe sna hamchomharthaí
- ☐ scálaí crómatacha
- ☐ canóin
- ☐ nótaí aiceanta

**(g)** Déan cur síos ar an gceol a leanann díreach tar éis an cheoil sa sliocht seo in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Sliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach , a sheinnfear trí huaire.

- Freagair na ceisteanna thíos.




**(a)** Ainmnigh dhá uirlis a sheinntear sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**(b)** Is é an dúnadh ag **X** ar an scór thuas ná

- ☐ dúnadh foirfe (lándúnadh)
- ☐ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)
- ☐ dúnadh briste

**(c)** Baineadh an ceol seo as

- ☐ áiria
- ☐ córáil
- ☐ reacaireacht

**(d)** Cloistear *Tierce de Picardie* sa sliocht seo. Mínigh *Tierce de Picardie*.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marks)**

Dhá shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Too late, my time has come, |
| Líne 2 | Sends shivers down my spine, body's aching all the time. |
| Líne 3 | Goodbye, everybody, I've got to go, |
| Líne 4 | Got to leave you all behind and face the truth. |
| Líne 5 | Mama, ooh, I don't want to die, |
| Líne 6 | I sometimes wish I'd never been born at all. |

**(a)** Is iad na huirlisí ar a seinntear an tionlacan sa sliocht ná

- ☐ pianó + dordghiotár
- ☐ pianó + drumaí + dordghiotár
- ☐ pianó + drumaí + giotár + dordghiotár

**(b)** Ag deireadh líne 2, cé acu ceann díobh seo a sheinntear ar an dordghiotár?

- ☐ vibrato
- ☐ glissando
- ☐ nóta troitheánach


**(c)** Cloistear focaldathú sa sliocht seo.
Tabhair sampla den fhocaldathú a chloistear sa sliocht seo.

| Sampla den fhocaldathú: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Sainaithin an uirlis a thagann isteach ar an bhfocal '*truth*' ag deireadh líne 4.

| Uirlis: |
|---|

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(e)** Cuir isteach an dá nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas. Úsáid an rithim a thugtar.

**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Baineadh an ceol sa sliocht seo

- ☐ as an bhfoilsiú
- ☐ as an bhforbairt
- ☐ as an gcóda

**(b)** Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

- ☐ téama an Ghrá
- ☐ téama Friar Lawrence
- ☐ téama an Achrainn

**(c)** Sa sliocht seo, cloistear

- ☐ scálaí síos
- ☐ nótaí athdhéanta
- ☐ tríligh

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** (i) Is í uigeacht an cheoil ag tús an tsleachta ná

- ☐ monafónach
- ☐ homafónach
- ☐ ilfhónach

(ii) Tabhair cúis le do fhreagra.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** (i) Is é atá sa damhsa a chloistear sa sliocht seo ná:

| ríl | port | cornphíopa |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(ii) Is é amchomhartha an damhsa seo ná:

| $\frac{3}{4}$ | $\frac{6}{8}$ | $\frac{4}{4}$ |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(iii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an damhsa seo ná

☐ 

☐ 

☐ 

**(b)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**Sliocht 2.**

**(c)** Ainmnigh dhá uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**(d)** Is í foirm an cheoil sa sliocht seo ná

- ☐ ABBA
- ☐ AABB
- ☐ AABC

**Sliocht 3.**

**(e)** Is cumasc é an sliocht seo de stíleanna éagsúla ceoil. Pléigh sin agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**


**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta.**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–3 priontáilte thíos.**




**(a)** Seinntear an tionlacan sa sliocht seo

☐ ar théaduirlisí

☐ ar ghaothuirlisí adhmaid

☐ ar uirlisí práis

**(b)** Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐ $\frac{2}{4}$

☐ $\frac{3}{4}$

☐ $\frac{4}{4}$

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin gné amháin den tionlacan a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Cé mhéad lánbharra ceoil atá le cloisteáil san intreoir?

- ☐ 3 bharra
- ☐ 4 bharra
- ☐ 6 bharra

**(f)** Sainaithin gné amháin den cheol gutha a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol a chloistear i **Sliocht 4** agus an ceol a chloistear i **Sliocht 5**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht: |
|---|
| |
| |
| |

**Tá ceithre nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Éisteacht

Déardaoin 20 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00